C/2026/1639

16.3.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/1639)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Veau du Limousin'

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-0189-AM01 — 19.12.2025

1. **Ainm an táirge**

'Veau du Limousin'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás náisiúnta a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Eagraíocht

An Aireacht Talmhaíochta, Agraibhia agus Bhiafhlaitheas

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Níl i gceist leis an iarratas ar leasú ar an TGFC 'Veau du Limousin' aon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Roinn fhreagrach sa Bhallstát:

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Cuireadh an roinn 'Údarás inniúil sa Bhallstát' isteach, ina dtugtar sonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (*Institut national de la qualité et de l'origine* – INAO) i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1143.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Grúpa is iarratasóir

Tuairisc

Bhí TGFC 'Veau du Limousin' á bhainistiú ar dtús ag Comhlachas Réigiúnach Talmhaíochta Limousin, ach ó bhí 2007 ann tá sé á bhainistiú ag LIMOUSIN PROMOTION, an comhlacht a thugann oibreoirí an TGFC sin le chéile. Scriosadh na sonraí uile maidir le Comhlachas Réigiúnach Talmhaíochta Limousin agus an earnáil 'Veau du Limousin'. Cuireadh isteach sonraí teagmhála LIMOUSIN PROMOTION.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tuairisc ar an táirge

Tuairisc

Meáchan uasta an chonablaigh:

Ardaíodh meáchan uasta an chonablaigh ó 150 kg go 175 kg. Scriosadh an fhoráil 'ceadófar go mbeidh 10 % de na conablaigh i luchtóg ar leith lena marú níos mó ná 150 kg fad is nach mó an meáchan aonair ná 170 kg'.

Aois uasta laonna:

Méadaíodh an aois uasta le haghaidh na laonna tráth a maraithe ó 5 mhí go 5 mhí go leith (i.e. 168 lá). Cuireadh isteach gur 91 lá a bheidh san aois íosta mharaithe.

Pór:

In ionad na forála 'Tiocfaidh na laonna ó ainmhithe ar le tréad diúil Limousin agus tréad diúil Charolais iad, crosantaigh idir an dá phór sin nó crosantaigh Limousin-Salers', cuireadh isteach 'is iad Limousin nó Charolais na pórtha a úsáidfear le haghaidh laonna "Veau du Limousin", nó crosantach idir tuismitheoir Limousin agus an tuismitheoir eile a thagann ó cheann de na pórtha seo a leanas: Charolais, Salers, Normand nó Montbéliard.'

Méid bhrat na saille:

Cuireadh critéir isteach maidir leis an gcaoi ar cheart measúnú a dhéanamh ar chruth an chonablaigh: 'Is iad E, U nó R a bheidh sna ranganna crutha conablaigh "Veau du Limousin", le scór bhrat na saille 2 nó 3.'

Dath na feola:

Cuireadh tuairisc ar dhath fheoil 'Veau du Limousin' isteach: 'Bíonn dath fheoil amh "Veau du Limousin" idir bán agus bándearg.'

Cineálacha cur i láthair:

Soláthraíodh mionsonraí maidir leis na táirgí atá incháilithe don TGFC, i.e. feoil (conablaigh, leathchonablaigh, ceathrúna agus gearrthacha), feoil mhionaithe nó feoil i bhfoirm *carpaccio*, agus liosta de tháirgí scairtí.

Sonraítear go ndíolfar na táirgí sin uile agus iad úr nó domhainreoite.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Limistéar geografach

Tuairisc

Soiléiríodh gur mbeirtear na laonna laistigh den limistéar geografach.

Tugadh an fhaisnéis maidir leis an limistéar geografach cothrom le dáta i gcomhréir leis na ceanglais náisiúnta i ndáil leis sin. Is é an limistéar geografach atá le cur isteach an limistéar a eascraíonn as an léarscáil agus liosta na gcantún a bhí sa leagan roimhe seo den tsonraíocht táirge a chur le chéile.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cruthúnas ar thionscnamh an táirge sa limistéar

Tuairisc

Tugadh an fhaisnéis maidir le hinrianaitheacht cothrom le dáta i gcomhréir leis na leasuithe ar an tsonraíocht táirge ina hiomláine. Cuireadh faisnéis isteach maidir le dearbhuithe agus cláir atá úsáideach chun faireachán a dhéanamh ar dhálaí táirgthe.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tuairisc ar an modh táirgthe

Tuairisc

Cúlra stairiúil:

Scriosadh na ranna den leagan roimhe seo den tsonraíocht táirge dar teideal ‘Saineolas seanbhunaithe’ agus ‘Trealamh sonrach agus modhanna oibre’, a luaitear mar shamplaí de chleachtais sheanbhunaithe (a bhfuil forbairt tagtha ar chuid acu ó shin).

Laonna atá beartaithe chun tréada pórúcháin a athnuachan:

Scriosadh an fhoráil seo a leanas, a áiríodh roimhe seo faoin gceannteideal ‘Tuairisc ar an táirge’: ‘Laistigh den ghabháltas céanna, ní cheadófar ach cineál amháin táirgthe laofheola, i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar síos sa tsonraíocht seo.’

Cuireadh isteach an fhoráil seo a leanas: ‘Féadfar laonna a bheirtear ar an ngabháltas, agus atá beartaithe chun athnuachan an tréada pórúcháin ar an ngabháltas a áirithiú, a thógáil ar an láithreán céanna le laonna atá beartaithe don TGFC, ar choinníoll go gcuirfear iad siúd atá beartaithe le haghaidh athnuachan tréada ar an gclár beostoic chun rialú cuí na laonna atá beartaithe don TGFC agus inrianaitheacht a mbeatha a áirithiú.’

Breith:

An fhoráil ‘Béarfar na laonna ar an ngabháltas. Chun caillteanais a d’fhéadfadh a bheith ann a chúiteamh, féadfar glacadh laonna suas le 3 seachtaine d’aois a cheadú, faoi réir chomhlíonadh na gceanglas tógála uile a shonraítear thíos’, a bhí le feiceáil sa roinn ‘Tuairisc ar an táirge’, scriosadh é agus cuireadh an méid seo a leanas ina ionad: ‘Béarfar agus tógfar na laonna ar an ngabháltas céanna.’

Foirgnimh:

Leagadh síos ceanglais maidir leis na foirgnimh ina gcoinnítear na hainmhithe: infhaighteacht solais nádúrtha, rochtain bhuan ar chóras uisciúcháin le haghaidh na máithreacha, infhaighteacht easrach boige tirime plandabhunaithe le haghaidh máithreacha agus laonna, aeráil nádúrtha nó mheicniúil, díghalrú ar bhonn bliantúil ar a laghad.

Beatha le haghaidh máithreacha agus ba diúil:

Cuireadh forálacha isteach maidir leis an mbeatha le haghaidh máithreacha agus ba diúil. Sonraítear go dtógfar máithreacha agus ba diúil le timthriallta ailtéarnacha idir féarach agus an loca, le híostréimhse innilte 6 mhí in aghaidh na bliana. Sonraítear freisin nach mór 70 % ar a laghad dá mbeatha a bheith de thionscnamh an ghabháltais. Ceanglaítear freisin go mbeidh a mbeatha saor ó OGM agus nach n-úsáidfear aon oibreán sadhlais ceimiceach i dtáirgeadh sadhlais. Ceanglas eile is ea nach sadhlas amháin a bheidh i gceist lena mbeatha laethúil.

Cuireadh plean beathaithe leis chun ceanglais bheatha a leagan síos don tréimhse ina bhfuil teacht acu ar fhéarach agus nuair a choinnítear faoi dhíon iad.

Beathú agus uisciú laonna:

Sonraíodh gur diúil a bheidh i gceist le 85 % ar a laghad den bheatha (ábhar tirim) a fhaigheann laonna thar a saolré go dtí go seoltar iad lena marú, agus nach dtabharfar rochtain do laonna ar thrachanna. Cuirtear na forálacha sin in ionad na foclaíochta roimhe seo lenar ceadaíodh beatha iomlán bainne púdraigh suas le huasmhéid 10 % den bhainne iomlán a ólann an t-ainmhí.

Ina theannta sin, leathnaíodh an fhéidearthacht go bhforlíonfaí aiste bia na laonna le bianna traidisiúnta (siúcra, uibheacha úra) agus beatha chomhlántach bainne púdraigh chuig gach feirm, ach sa leagan roimhe seo den tsonraíocht, níor ceadaíodh é sin ach amháin ar fheirmeacha nár dhíol bainne.

Ardaíodh an uasteorainn le haghaidh ábhar beatha comhlántach dáilte ó 35 go 50 cileagram (in ábhar tirim) in aghaidh an lao. Cuireadh leis nach gceadaítear bainne púdrach comhlántach ach amháin nuair a bhíonn na laonna 45 lá d'aois agus go mbeidh a n-úsáid teoranta don 2 mhí go leith roimh mharú.

Mar is amhlaidh le máithreacha agus ba diúil, cuireadh leis go mbeidh beatha na laonna saor ó OGM.

Cuireadh comhdhéanamh na beatha comhlántaí bainne púdraigh leis, mar aon le liosta d'amhábhair údaraithe agus catagóirí agus feidhmghrúpaí breiseán toirmiscthe.

Cúram a thabhairt do na laonna:

Cuireadh foráil isteach nach gceadófar laonna a chóireáil le hantaibheathaigh sa 2 mhí roimh an marú.

Bailiú le chéile agus iompar chuig an seamlas:

Cuireadh forálacha isteach chun rialáil a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar na laonna a bhailiú le chéile agus a iompar chuig an seamlas:

— cosc ar úsáid a bhaint as suaimhneasáin allapatacha agus as broid leictreacha;

— teorainneacha i dtéarmaí ama (7 n-uair an chloig) nó faid (200 km) agus laonna á n-iompar;

— cuireadh isteach an fhéidearthacht go mbaileofaí na hainmhithe ag ionaid mhargaidh bheo nó ag ionaid tionóil:

— cuireadh ceanglas isteach chun glaineacht a áirithiú go dtí go seolfar na laonna.

Marú:

Cuireadh forálacha isteach chun rialáil a dhéanamh ar an am idir an deoch dheireanach agus an marú agus an t-aga feithimh ag an seamlas, chomh maith leis na coinníollacha íosta atá le comhlíonadh agus iad á dtabhairt go dtí an stáisiún stiúdta.

Oibríochtaí iar-mharaithe:

Cuireadh roinnt forálacha leis chun na ceanglais maidir leis an méid seo a leanas a shonrú:

— fuarú (coinníollacha ina bhfuil feoil le fuarú);

— roghnú conablaigh (brat na saille, dath agus teinne, dath conablach);

— suíomh le haghaidh pacáistiú gearrthacha;

— domhainreo (toirmeasc ar reo cé is moite d'fheoil atá beartaithe chun feoil mhionaithe dhomhainreoite a tháirgeadh);

— feoil mhionaithe agus *carpaccio* a ullmhú (uasmhéid ama a cheadaítear le haghaidh próiseála tar éis maraithe, comhdhéanamh saille, cóimheas collaigine/próitéine, trastomhas mionaithe, coinníollacha maidir le múnlú i gcás inarb infheidhme, cion uasta feola reoite is féidir a úsáid chun feoil mhionaithe dhomhainreoite a dhéanamh).

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Gnéithe lena dtugtar údar leis an nasc leis an timpeallacht gheografach

Tuairisc

Cuireadh roinn dar teideal ‘Gnéithe lena dtugtar údar leis an nasc leis an limistéar geografach’ in ionad na ranna den tsonraíocht táirge roimhe seo dar teideal ‘Nasc leis an gcomhshaol nádúrtha’ agus ‘Stair’.

Tá an roinn nuadhréachtaithe leagtha amach i dtrí fhoroinn: ‘Sainiúlachtaí an limistéir gheografaigh’, ‘Sainiúlacht an táirge’ agus ‘Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge’.

Níl aon athrú ar bhunús an naisc.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Comhlacht cigireachta

Tuairisc

Scriosadh na forálacha uile ina sonraítear struchtúr an chomhlachta cigireachta a bhí ann roimhe seo, an plean cigireachta, inrianaitheacht na dtáirgí agus na bealaí dáileacháin.

Tá sonraí teagmhála na n-údarás atá freagrach as cigireachtaí a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta ar fáil anois, i.e. an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO) agus an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht, Gnóthaí Tomhaltóirí agus Cosc Calaoise (DGCCRF). Is féidir ainm agus sonraí teagmhála an chomhlachta deimhniúcháin a aimsiú ar shuíomh gréasáin INAO agus i mbunachar sonraí an Choimisiúin Eorpaigh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Lipéadú

Tuairisc

Scriosadh an mhír atá ann faoi láthair agus cuireadh abairt ina hionad ina dtugtar tuairisc ar na heilimintí rialála éigeantacha a bhaineann go sonrach le tásca geografacha.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceanglais náisiúnta

Tuairisc

Cuirtear an roinn seo i láthair i bhfoirm tábla ina dtaispeántar na príomhítimí atá le seiceáil agus na modhanna meastóireachta atá le húsáid.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Veau du Limousin’

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-0189-AM01 — 19.12.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Veau du Limousin’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

02 – FEOIL AGUS SCAIRTEACH FEOLA INITE

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is iad Limousin nó Charolais na pórtha a úsáidfear le haghaidh laonna 'Veau du Limousin', nó crosantach idir tuismitheoir Limousin agus an tuismitheoir eile a thagann ó cheann de na pórtha seo a leanas: Charolais, Salers, Normand nó Montbéliard.

Marófar laonna 'Veau du Limousin' ag aois idir 3 mhí agus 5 mhí go leith (idir 91 agus 168 lá) agus meáchan conablaigh idir 85 agus 175 chileagram.

Is iad E, U nó R a bheidh sna ranganna crutha conablaigh le haghaidh chonablaigh 'Veau du Limousin', le scór bhrat na saille 2 nó 3.

Níl ach na táirgí seo a leanas incháilithe don TGFC:

— Feoil i gconablaigh, i leathchonablaigh, i gceathrúna agus i ngearrthacha (réidh le gearradh [*Prêt à Découper - PAD*], aonaid díolacháin tomhaltóirí [*Unité de Vente Consommateur - UVC*] nó lónadóireacht lasmuigh den bhaile [*Restauration Hors Foyer - RHF*]);

— Feoil mhionaithe nó feoil i bhfoirm *carpaccio* (aonaid díolacháin tomhaltóirí nó lónadóireacht lasmuigh den bhaile);

— Na táirgí scairtí seo a leanas: leicne, ae, croí, duáin, briseán milis, ruifil, ceann (iomlán nó rollta), cosa, cogansach, scairt thanaí, scairt thiubh agus teanga.

Díoltar feoil agus scairteach 'Veau du Limousin' úr nó domhainreoite.

Tá dath idir bán go bándearg ar fheoil amh 'Veau du Limousin'.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Beirtear agus tógtar ainmhithe 'Veau du Limousin' laistigh den limistéar geografach.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Tá na ranna, na cantúin agus na bardais seo a leanas sa limistéar geografach:

— Ranna Charente, Corrèze, Creuse, Dordogne agus Haute-Vienne ina n-iomláine

— Roinn Allier:

·Cantúin Montluçon-1, Montluçon-2, Montluçon-3, Montluçon-4

·Bardais Archignat, Chambérat, Chamblet, La Chapelaude, Chazemais, Courçais, Deneuille-les-Mines, Huriel, Mesples, Montluçon, Saint-Angel, Saint-Désiré, Saint-Éloy-d'Allier, Saint-Martinien, Saint-Palais, Saint-Sauvier, Treignat, Verneix, Viplaix

— Roinn Cantal:

·Cantún Ydes

·Bardais Ally, Arnac, Auzers, Ayrens, Barriac-les-Bosquets, Brageac, Chalvignac, Chaussenac, Cros-de-Montvert, Drugeac, Escorailles, Glénat, Lacapelle-Viescamp, Laroquebrou, Mauriac, Méallet, Montvert, Moussages, Nieudan, Pleaux, Rouffiac, Saint-Étienne-Cantalès, Saint-Gérons, Saint-Martin-Cantalès, Saint-Santin-Cantalès, Saint-Victor, Sainte-Eulalie, Salins, Siran, Le Vigean

— Roinn Cher:

·Bardais Beddes, Châteaumeillant, Culan, Préveranges, Reigny, Saint-Christophe-le-Chaudry, Saint-Jeanvrin, Saint-Maur, Saint-Priest-la-Marche, Saint-Saturnin, Sidiailles

— Roinn Indre:

·Bardais Aigurande, Badecon-le-Pin, Baraize, Bazaiges, Beaulieu, Bélâbre, Bonneuil, La Buxerette, Ceaulmont, Chaillac, Chalais, La Châtre-Langlin, Chazelet, Crevant, Crozon-sur-Vauvre, Cuzion, Dunet, Éguzon-Chantôme, Feusines, Gargilesse-Dampierre, Lignac, Lignerolles, Lourdoueix-Saint-Michel, Mauvières, Montchevrier, Mouhet, Orsennes, Parnac, Pérassay, Pommiers, Pouligny-Notre-Dame, Pouligny-Saint-Martin, Prissac, Roussines, Sacierges-Saint-Martin, Saint-Benoît-du-Sault, Saint-Civran, Saint-Denis-de-Jouhet, Saint-Gilles, Saint-Hilaire-sur-Benaize, Saint-Plantaire, Sainte-Sévère-sur-Indre, Sazeray, Tilly, Urciers, Vigoulant, Vigoux, Vijon

— Roinn Lot:

·Cantúin Cère et Ségala, Gourdon, Martel, Souillac

·Bardais Arques, Autoire, Bannes, Frayssinet-le-Gélat, Frayssinhes, Goujounac, Latouille-Lentillac, Loubressac, Mayrinhac-Lentour, Montcléra, Pomarède, Saignes, Saint-Caprais, Saint-Céré, Saint-Jean-Lagineste, Saint-Jean-Lespinasse, Saint-Laurent-les-Tours, Saint-Médard-de-Presque, Saint-Paul-de-Vern, Saint-Vincent-du-Pendit, Thédirac

— Roinn Puy-de-Dôme:

·Bardais Avèze, Ayat-sur-Sioule, Bagnols, Biollet, Bourg-Lastic, Briffons, Bussières, La Celle, La Cellette, Charensat, Chastreix, Château-sur-Cher, Combrailles, Condat-en-Combraille, Cros, Espinasse, Fernoël, Giat, Gouttières, Herment, Labessette, Landogne, Larodde, Lastic, Messeix, Miremont, Montel-de-Gelat, Picherande, Pionsat, Pontaumur, Prondines, Puy-Saint-Gulmier, Le Quartier, Roche-d'Agoux, Saint-Avit, Saint-Donat, Saint-Étienne-des-Champs, Saint-Genès-Champespe, Saint-Germain-près-Herment, Saint-Gervais-d'Auvergne, Saint-Hilaire-les-Monges, Saint-Hilaire, Saint-Julien-la-Geneste, Saint-Julien-Puy-Lavèze, Saint-Maigner, Saint-Maurice-près-Pionsat, Saint-Priest-des-Champs, Saint-Sauves-d'Auvergne, Saint-Sulpice, Sainte-Christine, Sauret-Besserve, Sauvagnat, Savennes, Singles, Tauves, Tortebesse, La Tour-d'Auvergne, Tralaigues, Trémouille-Saint-Loup, Vergheas, Verneugheol, Villossanges, Voingt

— Roinn Vienne:

Bardais Adriers, Asnières-sur-Blour, Availles-Limouzine, Bourg-Archambault, Brigueil-le-Chantre, Coulonges-les-Hérolles, Haims, L'Isle-Jourdain, Jouhet, Journet, Lathus-Saint-Rémy, Liglet, Luchapt, Mauprévoir, Millac, Montmorillon, Moulismes, Moussac, Mouterre-sur-Blourde, Nérignac, Pindray, Plaisance, Pressac, Queaux, Saint-Léomer, Saint-Martin-l'Ars, Saulgé, Thollet, La Trimouille, Le Vigeant

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar

☑ Clú

☐ Cáilíocht áirithe

☑ Saintréithe eile

Achoimre ar an nasc

Tá an nasc idir 'Veau du Limousin' agus a thionscnamh geografach bunaithe ar a chlú agus ar shaintréith shainiúil araon: éadroime a fheola, a bhfuil dath idir bán go bándearg uirthi.

Táirgtear 'Veau du Limousin' den chuid is mó sa chuid thiar thuaidh den Massif Central, ach freisin in Dordogne agus Charente.

Tá an limistéar geografach suite ag airde níos lú ná 1 000 méadar. Ithreacha eibhreacha nó ithreacha slinne atá ann den chuid is mó, ach amháin ar theorainn an iarthair, ina bhfuil ithreacha cailcreacha de thionscnamh tánaisteach ar a bhfuil sraith dromchla chré-shiliciúil. Tá an tír-raon cnocach den chuid is mó agus tá uisce ar fáil go héasca. Tá aeráid aigéanach mhodhnaithe sa limistéar, agus bíonn an aimsir measartha séimh le meánteochtaí ísle (8 °C go 14 °C). Bíonn an bháisteach bhliantúil níos airde den chuid is mó ná an meán náisiúnta, idir 800 mm agus níos mó ná 1 500 mm. Ós rud é go scaiptear í i rith na bliana, tá sé sin fabhrach do dhea-tháirgeadh féir.

Tá an chuid is mó den talamh talmhaíochta dírithe ar fhéarach, agus limistéir faoi chrainn fite fuaite ann.

Ó bhí deireadh an 19ú céad ann, tá speisialú déanta ag roinnt mhaith feirmeoirí sa limistéar geografach i dtáirgeadh laonna diúil a thógtar in éineacht lena máithreacha. Lean an ghníomhaíocht sin de bheith ag forbairt go dtí an lá atá inniu ann, rud a fhágann gurb é an limistéar geografach an limistéar táirgeachta is tábhachtaí sa Fhrainc.

Tá táirgeadh 'Veau du Limousin' an-dian ó thaobh saothair de i dtéarmaí an limistéir talmhaíochta agus is minic a bhaineann sé le feirmeoireacht ilchuraíochta agus cineálacha eile táirgthe (tobac, glasraí, fíniúnacha, muca, éanlaith chlóis shailleach, etc.). Tá na gabháltais ar scála daonna toisc go bhfuil an méid teoranta ag an obair atá i gceist agus ag an líon máithreacha a dteastaíonn rochtain ar fhéarach uathu. Is ó fharae a tháirgtear ar an bhfeirm a thiocfaidh 70 % ar a laghad d'aiste bia an tréada. I gcaitheamh a saolré, tógfar na máithreacha de réir an chórais diúil thraidisiúnta, le timthriallta ailtéarnacha idir féarach agus an loca. Beidh diúil i gceist le 85 % ar a laghad d'aiste bia na laonna, óna máithreacha nó ó bhó dhiúil go dtí gcaithfidh siad an gabháltas a fhágáil. Más gá, féadfar beatha bainne púdraigh nach mó ná 15 % d'aiste bia iomlán na laonna a chur leis le linn na céime méathaithe.

Is iad Limousin nó Charolais na pórtha a úsáidfear le haghaidh laonna 'Veau du Limousin', nó crosantach idir tuismitheoir Limousin agus an tuismitheoir eile a thagann ó cheann de na pórtha seo a leanas: Charolais, Salers, Normand nó Montbéliard.

5 mhí go leith a bheidh san aois uasta mharaithe. Bíonn dath éadrom ar an bhfeoil amh de ghnáth (idir bán go bándearg).

Tá an rilíf, na hithreacha agus an aeráid sa limistéar geografach fabhrach do tháirgeadh féir i bhflúirse. In éineacht le hacmhainní eile a tháirgtear go príomha ar an ngabháltas, úsáidtear an féar sin chun na ba a bhíonn ag tál ar na laonna a bheathú. Is mar gheall ar aiste bia na laonna atá bunaithe go heisiach ar bhainne a bhíonn dath éadrom ar fheoil 'Veau du Limousin'. Ráthaítear é sin leis an gceanglas go mbeidh diúil a bheidh i gceist le 85 % ar a laghad dá n-aiste bia, agus le haois na laonna.

Tá clú 'Veau du Limousin', a cruthaíodh ó dheireadh an 19ú céad ar aghaidh, bunaithe den chuid is mó ar an modh táirgthe agus ar dhath na feola. Deimhníodh a cháil leis an gcéad mharc cáilíochta a fuarthas in 1970. Fuarthas an dara marc cáilíochta ina dhiaidh sin in 1980, rud a d'fhág go raibh an táirge speisialta seo inaitheanta agus sainiúil do thomhaltóirí. In 1994, luadh an méid seo a leanas san iris 'Art de vivre': 'Mar thoradh ar fhís agus ar dhiongbháilteacht fheirmeoirí Limousin maidir le feabhas a chur ar cheann dá mbuanna annamha, tá ceann de na feolta is fearr á tháirgeadh óna gcuid laonna. Níor cheart go bhfágfadh clú an táirge bhlasta seo scáth dá laghad ar chlú táirgí eile a fhaigheann muintir Limousin óna dtailte fiaigh nó ón uisce ina n-aibhneacha síor-ghléigeal: giorria stuáilte le muiceoil agus laofheoil, soufflé bric, nó eireaball cráifisceanna le cantarnaid.' Mar gheall ar na forbairtí sa táirgeadh agus sa chumarsáid, bhíothas in ann 15 000 lao san iomlán a dháileadh ar bheagnach 300 siopa go luath sna 1990í. Cuirtear 'Veau du Limousin' os comhair an phobail go tráthrialta sa ghastranamaíocht réigiúnach agus náisiúnta. Cuireann go leor cócairí (Laurent Mariotte, Laurent André, Jean Louis Bonnardot, Gilles Dudognon, cócairí i líonra Logis de France...) oidis ina bhfuil 'Veau du Limousin' ar fáil ar an idirlíon agus bíonn sé ar bhiachláir na mbialann ar fud na Fraince (Páras, Limoges, Nieul, Collonges-la-Rouge, Brive-la-Gaillarde, etc.). Mar shampla, ba é 'Veau du Limousin' an príomhchúrsa ar an mbiachlár ag dinnéar Oíche na hAthbhliana a d'óstáil Uachtaránacht na Fraince an 31 Nollaig 2014.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-637c7e39-893a-4886-ba86-762cf2dc4ecd